BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

26 Méan Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Iompar de bhóthar – Comhchuibhiú forálacha áirithe de chuid na reachtaíochta sóisialta – Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 – Airteagal 9(3) – An coincheap ‘ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth’ – Áit a dtagann tiománaí i gceannas ar fheithicil a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin – An coincheap ‘obair eile’ – Am caite ag an tiománaí sin ag tiomáint feithicil nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin chun dul chuig an ionad sin nó filleadh uaidh)

I gCás C-164/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ó Szegedi Törvényszék (Ard-Chúirt Szeged, an Ungáir), trí bhreith an 14 Márta 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 16 Márta 2023, sna himeachtaí

VOLÁNBUSZ Zrt.

v

Bács-Kiskun Vármegyei Kormányhivatal,

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Jürimäe, Uachtarán Dlísheomra, K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, ag gníomhú mar Bhreitheamh den Tríú Dlísheomra, N. Piçarra (Rapóirtéir), N. Jääskinen agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– VOLÁNBUSZ Zrt., ag K. Mészáros agus P. Varsányi, jogtanácsosok,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó A. Lipari, procuratore dello Stato, agus G. Santini, avvocato dello stato,

– an Coimisiún Eorpach, ag C. Kovács agus P. A. Messina, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Ungáiris.

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 9(3) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO 2006 L 102, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir VOLÁNBUSZ Zrt. ('Volánbusz'), cuideachta iompair phoiblí san Ungáir, agus Bács-Kiskun Vármegyei Kormányhivatal (Oifigí Rialtais Chontae Bács-Kiskun, an Ungáir), maidir le dlíthiúlacht rabhaidh atá dírithe ar an gcuideachta sin i leith sárú ar an oibleagáid am oibre na dtiománaithe a fhostaítear a thaifead.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

Treoir 2002/15/CE

3 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 3 de Threoir 2002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 maidir le heagrú ama oibre daoine atá i mbun gníomhaíochtaí soghluaiste iompair de bhóthar (IO 2002 L 80 lch. 35):

'Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "am oibre":
   1) i gcás oibrithe soghluaiste: an t-am ó thús go deireadh na hoibre, a mbeidh an t-oibrí soghluaiste ina stáisiún oibre lena linn, a bheidh ar fáil don fhostóir agus a fheidhmeanna nó a ghníomhaíochtaí á bhfeidhmiú aige, is é sin le rá:

      – an t-am a chaitear le gach gníomhaíocht iompair de bhóthar. Áirítear an méid a leanas ar na gníomhaíochtaí:

         (i) tiomáint;
         (ii) luchtú agus díluchtú;
         (iii) cuidiú le paisinéirí dul ar bord agus tuirlingt den fheithicil;
         (iv) glantachán agus cothabháil theicniúil;

(v) gach obair eile a bhfuil sé d'aidhm aici sábháilteacht na feithicle, an lasta agus na bpaisinéirí a áirithiú nó na hoibleagáidí dlíthiúla nó rialaitheacha a bhaineann go díreach leis an oibríocht shonrach iompair atá ar siúl a chomhlíonadh, lena n-áirítear faireachán ar luchtú agus díluchtú, foirmiúlachtaí riaracháin leis na póilíní, custaim, oifigigh inimirce etc.;

– na tráthanna nach féidir leis a chuid ama a chaitheamh ar a chomhairle féin agus a cheanglaítear air a bheith ag a stáisiún oibre, a bheidh réidh le dul i mbun gnáthoibre, agus tascanna áirithe a bhaineann le bheith ar dualgas, go háirithe le linn tréimhsí a bhfuiltear fanacht le luchtú nó díluchtú, i gcás nach eol a ré intuartha roimh ré, is é sin le rá roimh imeacht dó nó díreach roimh thús iarbhír na tréimhse a bheidh i gceist, nó faoi na coinníollacha ginearálta a caibidlíodh idir na comhpháirtithe sóisialta agus/nó faoi théarmaí reachtaíocht na mBallstát;

[…]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Uimh. 561/2006

4 Foráiltear mar a leanas in aithrisí 5 agus 17 de Rialachán Uimh. 561/2006:

'(5) Ba cheart na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo maidir le dálaí oibre a bheith gan dochar do cheart na gcomhpháirtithe sóisialta forálacha atá níos fabhraí d'oibrithe a leagan síos, trí bhíthin comhaontuithe comhchoiteanna saothair nó ar shlí eile.

[…]

(17) Is é is aidhm don Rialachán seo dálaí sóisialta a fheabhsú d'fhostaithe a bhfuil feidhm aige maidir leo, mar aon le sábháilteacht ghinearálta ar bhóithre a fheabhsú. Bainfear an aidhm sin amach go príomha trí bhíthin na bhforálacha a bhaineann le huastréimhsí tiomána in aghaidh an lae, in aghaidh na seachtaine agus in aghaidh na tréimhse 2 sheachtain as a chéile, trí bhíthin na forála lena gcuirtear d'oibleagáid ar thiománaithe tréimhse scíthe seachtainiúla rialta a ghlacadh uair amháin ar a laghad in aghaidh gach 2 sheachtain as a chéile agus trí bhíthin na bhforálacha lena bhforordaítear nár cheart tréimhse scíthe laethúil a bheith níos lú ná tréimhse 9 n-uaire an chloig gan bhriseadh in imthosca ar bith. […]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Sonraítear mar seo a leanas in Airteagal 1 den Rialachán sin:

'Leis an Rialachán seo, leagtar síos na rialacha is infheidhme maidir le hamanna tiomána, sosanna agus tréimhsí scíthe do thiománaithe atá i mbun earraí agus paisinéirí a iompar de bhóthar, chun cothroime iomaíochta idir modhanna iompair de thalamh a chomhchuibhiú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an earnáil bóithre, agus dálaí oibre agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Tá sé d'aidhm ag an Rialachán seo freisin dea-chleachtais faireacháin agus forfheidhmithe ag na Ballstáit agus modhanna oibre níos fearr in earnáil an iompair de bhóthar a chur chun cinn.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear in Airteagal 3 den Rialachán sin:

‘Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hiompar de bhóthar arna dhéanamh ag:

(a) feithiclí a úsáidtear chun paisinéirí a iompar ar sheirbhísí rialta i gcás nach bhfuil an bealach a dtéann an tseirbhís atá i gceist níos faide ná 50 km;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 De réir théarmaí Airteagal 4(e) den Rialachán sin:

‘Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[…]

(e) ciallaíonn “obair eile”: gach gníomhaíocht seachas an ‘tiomáint’ faoi mar atá sainmhínithe in Airteagal 3(a) de Threoir [2002/15], lena n-áirítear aon obair don fhostóir céanna nó d’fhostóir eile laistigh d’earnáil an iompair nó lasmuigh di.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 9(3) de Rialachán uimh 561/2006:

‘Aon am a chaitheann tiománaí ag tiomáint feithicil nach bhfuil faoi réim feidhme an Rialachán seo, tiomáint chun dul chuig an áit ina rachaidh sé i gceannas ar fheithicil atá faoi réim feidhme an Rialachán seo, nó ag teacht ar ais ón áit sin dó, más rud é nach é áit chónaithe an tiománaí nó ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth, measfar gur obair eile atá san am sin.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hUngáire

9 Foráiltear le hAirteagal 86(3) den munka törvénykönyveről szóló 2012. évi I. törvény (Dlí Uimh. I 2012 lena mbunaítear an Cód Saothair) (*Magyar Közlöny* 2012/2.,‘Cód Saothair na hUngáire’):

‘Ní cuid den am oibre é:

[…]

(b) fad thuras an oibrí óna bhaile nó óna áit chónaithe go dtí a áit oibre iarbhír agus óna áit oibre go dtí a bhaile nó a áit chónaithe.’

10 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 134(1)(a) den Chód sin:

‘Coimeádfaidh an fostóir taifead:

(a) don gnáth ama oibre agus ragoibre.

[…]’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

11 Is cuideachta iompair phoiblí é Volánbusz, arb é Stát na hUngáire an t-aon scairshealbhóir atá aige. Soláthraíonn sé iompar tráthrialta paisinéirí de bhus ar bhealaí éagsúla, cuid atá níos faide ná 50 ciliméadar agus cuid eile nach mbeidh níos faide ná 50 ciliméadar. Ní thagann na busanna a sanntar go heisiach do na bealaí deireanach sin amháin faoi raon feidhme Airteagal 3(a) de Rialachán Uimh. 561/2006.

12 Tugann tiománaí áirithe atá fostaithe ag Volánbusz aire do bhusanna agus cuireann siad i dtaisce iad in iostaí seachtracha na cuideachta sin, óna ndéanann siad a sheirbhís ar bhonn rialta agus go bhfilleann siad chuige ag deireadh na seirbhíse sin, i ngnáthfheidhmiú a ndualgas, is é sin le rá, gan treoracha sonracha ón gcuideachta sin. Ní áirítear sna hiostaí seachtracha sin, ar carrchlóis an chuid is mó díobh, saoráidí do thiománaithe, amhail saoráidí sláintíochta, spásanna sóisialta nó láthair scíthe. Níl na hiostaí seachtracha sin cláraithe ar an gclár tráchtála mar áiteanna bunaíochta nó brainsí Volánbusz. Mar sin féin, ainmnítear é mar an áit ina dtagtar i gceannas ar fheithicil, óna dtosaíonn agus a gcríochnaíonn an bealach a shanntar ar an treochlár, agus atá lonnaithe níos gaire d’áit chónaithe na dtiománaithe ná áit bhunaíochta nó brainsí Volánbusz. Cinntíonn an ghaireacht sin amanna taistil níos giorra do na dtiománaithe sin chun teacht i gceannas ar na feithiclí sin agus chun filleadh ar a áit chónaithe tar éis a seirbhíse.

13 I gcomhréir le hAirteagal 86(3)(b) de Chód Saothair na hUngáire, ní chuirtear an t-am a chaitheann na tiománaithe atá fostaithe ag Volánbusz ag tiomáint a bhfeithicle chuig an áit ina dtagtar i gceannas ar fheithicil a thagann faoi raon feidhme Rialachán Uimh. 561/2006 agus filleadh uaidh ag deireadh a seirbhíse, san áireamh mar cuid den am oibre. Íoctar liúntas taistil leo chun na críche sin.

14 Tar éis roinnt seiceálacha, áfach, chinn Oifigí Rialtais Chontae Bács-Kiskun, i gcás 67 dtiománaí fostaithe ag Volánbusz, gur cheart an t-am a caitheadh, i mí an Mhárta 2022 ag taisteal óna n-áit chónaithe chuig iostaí seachtracha na cuideachta sin, agus filleadh uaidh ag deireadh a seirbhíse a bheith taifeadta mar am oibre, i gcomhréir le Airteagal 134 de Chód Saothair na hUngáire. Le cinneadh an 19 Deireadh Fómhair 2022, d’eisigh Oifigí Rialtais Chontae Bács-Kiskun rabhadh do Volánbusz.

15 Leagann na hOifigí Rialtais Contae seo béim nach bhfuil i roinnt d’iostaí seachtracha Volánbusz ach carrchlóis shimplí. Ní hionann carrchlós agus áis de réir bhrí an chásdlí a eascraíonn as breithiúnais an 18 Eanáir 2001, *Skills Motor Coaches agus páirtithe eile* (C-297/99, EU:C:2001:37), agus an 29 Aibreán 2010, *Smit Reizen* (C-124/09, EU:C:2010:238). Sna himthosca sin, ní féidir na hiostaí seachtracha sin a aicmiú mar ‘ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth’ de réir bhrí Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 561/2006. Dá bhrí sin, aon am a chaitheann an tiománaí ag tiomáint feithicil nach dtagann faoi raon feidhme an

Rialacháin sin chun taisteal chuig iostaí seachtracha den sórt sin, agus filleadh uaidh ar dheireadh a sheirbhíse, ba cheart é a aicmiú mar 'obair eile' de réir bhrí na forála sin de dhlí an Aontais agus é a thaifead i gcomhréir le hAirteagal 134 de Chód Saothair na hUngáire. Tá na seirbhísí sin den tuairim gurb ionann coincheap 'ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth' de réir bhrí na forála sin de dhlí an Aontais agus 'lárionad oibríochta' a leagtar síos sna breithiúnais sin.

16 Thug Volánbusz os comhair Szegedi Törvényszék (Ard-Chúirt Szeged, an Ungáir), arb í an chúirt a rinne an tarchur, caingean le haghaidh neamhniú i gcoinne chinneadh an 19 Deireadh Fómhair 2022 dá dtagraítear i mír 14 thuas. Áitíonn sé nach mór na hiostaí buana seachtracha bus a chumhdaítear leis an gcigireacht a aicmiú mar ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth, de réir bhrí Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 561/2006. Sna himthosca sin, i gcomhréir leis an bhforáil sin, ní féidir aon am a chaitheann na tiománaithe sin ag tiomáint feithicil nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin chun taisteal chuig iostaí seachtracha den sórt sin, agus filleadh uaidh ar dheireadh a seirbhíse, a aicmiú mar 'obair eile' de réir bhrí na forála sin, agus dá bhrí sin níl aon oibleagáid é a thaifead amhlaidh.

17 Bheadh cás paradacsúil ann mar thoradh ar léiriú contrártha ar Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 561/2006, de réir Volánbusz. Go deimhin, cé nach mór an t-am taistil a chaitear ag tiomáint feithicil nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin chun taisteal chuig iosta seachtrach, a thaifead mar am oibre, ní hamhlaidh an cás maidir leis an am taisteal chun teacht i gceannas ar fheithicil, ní san iosta seachtrach sin, ach ag áit bhunaíochta an ghnóthais sin nó a bhrainsí, fiú dá roghnófaí an t-iosta seachtrach lena mbaineann chun an t-am taisteal sin a laghdú. Bheadh drogall ar ghnóthais iompair, dá bhrí sin, iostaí seachtracha den sórt sin a ainmniú mar an áit ina dtagtar i gceannas ar fheithicil a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin.

18 Bheadh sé d'aidhm ag cleachtas den sórt sin, áfach, dálaí oibre do thiománaithe chomh maith le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, i gcomhréir le hAirteagal 1 den Rialachán sin, arna léamh i bhfianaise aithris 17 de. I ndáil leis sin, shonraigh Volánbusz go raibh suíomh nithiúil na dtiománaithe bunaithe ar chritéir éagsúla, agus go gcuirtear san áireamh, i gcomhthéacs eagrú na hoibre, ardmhianta pearsanta na dtiománaithe chun íoslaghdú a dheanamh ar an am oibre idir a n-áit chónaithe agus an áit ina dtagtar i gceannas ar fheithiclí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin.

19 Cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, ar an gcéad dul síos, go mbraitheann réiteach na díospóide sna príomhimeachtaí ar léiriú an choincheapa 'ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth' de réir bhrí Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 561/2006. Go háirithe, braitheann sé an gcumhdaítear áit gan áis agus a úsáidtear mar iosta chun feithiclí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin a stóráil amháin faoin gcoincheap sin. Ina theannta sin, is gá a chinneadh an bhfuil saoráidí áirithe, amhail saoráidí sláintíochta, spásanna sóisialta nó láthair scíthe, riachtanach chun é a aicmiú mar 'ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth' de réir bhrí na forála sin. Déanann an comhaontú comhchoiteann arna chur i gcrích idir Vólanbusz agus an ceardchumann a dhéanann ionadaíocht ar fhostaithe san earnáil lena mbaineann, an suíomh nithiúil ina bhfuil an tiománaí bunaithe a aicmiú, is é sin le rá, an áit ina bhfuil an tiománaí lonnaithe, an áit pháirceála nó pointe geografach eile a shainmhínítear mar an túsphointe óna gcomhlíonann an tiománaí a dhualgais de ghnáth agus a bhfilleann sé air ag deireadh na seirbhíse sin, le linn ghnáth-chomhlíonadh a dualgas agus gan treoir shonrach óna fhostóir a chomhlíonadh.

20 Ina dhiaidh sin, tagraíonn an chúirt sin do bhreithiúnas an 29 Aibreán 2010, *Smit Reizen* (C-124/09, EU:C:2010:238), inar shainigh an Chúirt an coincheap ‘lárionad oibríochta an gnóthais’ i dtéarmaí a cuireadh san áireamh sa sainmhíniú ar an gcoincheap ‘ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth’ arna gcur in iúl sa comhaontú comhchoiteann dá dtagraítear sa mhír roimhe seo. De réir na cúirte sin, ‘féadfaidh áiseanna an ghnóthais iompair paisinéirí de bhóthar, carrchlós [nó] aon phointe geografach eile atá sainithe mar thúsphointe an chúrsa taistil atá sannta don [tiománaí] óna gcomhlíonann an tiománaí a dhualgais de ghnáth feidhmiú mar an áit shonrach’.

21 Ar deireadh, dála Volánbusz, measann an chúirt a rinne an tarchur go mbeadh léiriú ar Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 561/2006 ar dá réir gur cheart aon turas a chaitheann an tiománaí ag tiomáint a fheithicle féin chun taisteal chuig ‘ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth’ d’fhonn teacht i gceannas ar fheithicil a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin, a aicmiú mar am oibre, contrártha leis na cuspóirí a shaothraítear sa Rialachán sin.

22 Sna himthosca sin, chinn an Szegedi Törvényszék (Ard-Chúirt Szeged) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1) An féidir an coincheap ‘ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth’, in Airteagal 9(3) de [Rialachán Uimh. 561/2006] a léiriú sa chiall gurb é sin an áit shonrach ina bhfuil an tiománaí bunaithe, is é sin le rá, an áit ina bhfuil an tiománaí lonnaithe, an áit pháirceála nó pointe geografach eile a shainmhínítear mar an túsphointe óna gcomhlíonann an tiománaí a d(h)ualgais de ghnáth agus a bhfilleann sé nó sí air ag deireadh na seirbhíse sin, le linn ghnáth-chomhlíonadh a d(h)ualgais agus gan treoir sonrach óna fhostóir a chomhlíonadh?

2) Chun a mheas an ionann áit áirithe agus “ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth”, de réir bhrí Airteagal 9(3) de [Rialachán Uimh. 561/2006], an bhfuil sé ábhartha go bhfuil saoráidí leordhóthanacha (e.g. áiseanna sláinteachais, leasa, scíthe) san áit sin nó nach bhfuil?

3) Chun a mheas an ionann áit áirithe agus ‘ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth’, de réir bhrí Airteagal 9(3) de [Rialachán Uimh. 561/2006], an bhfuil sé ábhartha go bhfuil suíomh na n-áiteanna sonrach sin a bhfuil tiománaithe bunaithe iontu fabhrach d’oibrithe (tiománaithe), ós rud é go bhfuil siad níos gaire, ar aon nós, dá dtithe ná oifigí nó brainsí an ghnóthais atá cláraithe sa Chlár Tráchtála, ionas go mbeidh am taistil riachtanach na dtiománaithe níos giorra ná mar a bheadh sé dá mbeidís ag tosú agus ag críochnú a gcuid oibre sna oifigí nó brainsí cláraithe sin?

4) Mura gcomhfhreagraíonn an sainmhíniú ar ‘ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth’, in Airteagal 9(3) de [Rialachán Uimh. 561/2006], don sainmhíniú ar áit shonrach ina bhfuil an tiománaí bunaithe, is é sin le rá, an áit ina bhfuil an tiománaí lonnaithe, an áit pháirceála nó an pointe geografach imeachta eile óna gcomhlíonann an tiománaí a d(h)ualgais de ghnáth agus a bhfilleann sé n sí air ag deireadh na seirbhíse sin, le linn ghnáth-chomhlíonadh a chuid dualgas agus gan treoir sonrach óna fhostóir a chomhlíonadh, an féidir an sainmhíniú ar an gcoincheap sin i [Rialachán

Uimh. 561/2006] a mheas mar bheart a bhaineann le dálaí oibre, ina bhféadfaidh oibreoirí ar dhá thaobh na hearnála, i gcomhthéacs na cómhargála nó eile, forálacha atá níos fabhraí d'oibrithe a ghlacadh i bhfianaise aithris 5 den Rialachán?'

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist go dtí an tríú ceist

23 Leis an gcéad cheist go dtí an tríú ceist, ar ceisteanna iad is iomchuí a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 561/2006 le léiriú sa chaoi is go gciallaíonn an coincheap 'ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth', atá san fhoráil sin, áit ar nós iosta seachtrach d'fheithiclí, a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin, óna ndéanann an tiománaí lena mbaineann a sheirbhís ar bhonn rialta, agus go bhfilleann sé chuige ag deireadh na seirbhíse, i ngnáthfheidhmiú a dhualgas agus gan treoracha sonracha óna fhostóir a chomhlíonadh. Iarrann an chúirt sin freisin, an bhfuil, ar an gcéad dul síos, láithreacht saoráidí sláintíochta, spásanna sóisialta nó láthair scíthe ann in áit den sórt sin agus, ar an dara dul síos, gaireacht gheografach na háite sin d'áit chónaithe an tiománaí lena mbaineann, ábhartha chun na críche seo.

24 Foráiltear le hAirteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 561/2006 go ndéanfar aon am a chaitheann tiománaí ag tiomáint feithicil nach bhfuil faoi réim feidhme an Rialacháin seo, tiomáint chun dul chuig an áit ina rachaidh sé i gceannas ar fheithicil atá faoi réim feidhme an Rialacháin seo, nó ag teacht ar ais ón áit sin dó, a mheas gur obair eile atá san am sin, más rud é nach é áit chónaithe an tiománaí nó ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth.

25 Ní shainmhínítear an coincheap 'bunaíocht an fhostóra a mbíonn an tiománaí ceangailte léi de ghnáth', dá dtagraítear in Airteagal 9(3), le Rialachán Uimh. 561/2006, nach ndéantar aon tagairt shainráite ann, chun na críche sin, do dhlí na mBallstát. Dá bhrí sin, ní mór coincheap den sórt sin a aicmiú mar choincheap uathrialach de dhlí an Aontais agus é a léiriú ar bhealach aonfhoirmeach.

26 Is léir ó fhoclaíocht Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 561/2006 nach leagtar síos leis an bhforáil sin aon cheanglas maidir le saoráidí áirithe a bheith in 'ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth', amhail saoráidí sláintíochta, spásanna sóisialta nó láthair scíthe. Ní cheanglaítear leis an bhforáil sin, ach oiread go mbeadh an t-ionad sin gar d'áit chónaithe an tiománaí sin. Ar an taobh eile, ní fhágann an fhoclaíocht sin gur féidir teacht ar an tuiscint gurb é an coincheap 'ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth' de réir bhrí na forála sin, an áit óna ndéanann an tiománaí a sheirbhís go rialta agus ar a bhfilleann sé ag deireadh na seirbhíse sin, in éagmais treoracha sonracha óna fhostóir.

27 Is féidir an cheist sin a réiteach trí scrúdú a dhéanamh ar thionscnamh an choincheapa sin agus ar a fhoráil.

28 Mar a luann an Coimisiún ina bharúlacha i scríbhinn, códaíonn Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 561/2006 an réiteach a ghlac an Chúirt i mbreithiúnas an 18 Eanáir 2001, *Skills Motor Coaches agus páirtithe eile*, (C-297/99, EU:C:2001:37), a bhain le Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle an 20 Nollaig 1985 maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar (IO 1985 L 370, lch. 8). Sa bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt go mbaineann an oibleagáid atá ar an tiománaí gach am oibre eile a thaifead freisin leis na tréimhsí taistil is gá chun teacht i gceannas ar fheithicil faoi réir na hoibleagáide trealamh taifeadta (tacagraif) a shuiteáil agus a úsáid agus

atá suite in áit seachas áit chónaithe an tiománaí nó lárionad oibríochta an fhostóra (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Eanáir 2001, *Skills Motor Coaches agus páirtithe eile*, C-297/99, EU:C:2001:37, mír 35).

29 Shonraigh an Chúirt nach féidir an coincheap 'lárionad oibríochta an fhostóra' a shainiú ar bhonn critéar a bhaineann leis an bhfostóir amháin, go háirithe struchtúr nó eagrú an ghnóthais iompair lena mbaineann, ach nach mór critéir a bhaineann le duine an tiománaí lena mbaineann a chur san áireamh freisin. Dá réir sin, ní féidir an coincheap sin a ionnanú le coincheap na 'hoifige cláraithe' nó a léirmhíniú sa chaoi go bhféadfaí aon iosta feithiclí de chuid an ghnóthais iompair lena mbaineann a mheas mar lárionad oibríochta fostóra. Tagraíonn an coincheap sin mar sin do shuíomh nithiúil an tiománaí nó do 'bhunáit' an tiománaí, is é sin an áit ina dtaistealaíonn an tiománaí go rialta chun teacht i gceannas ar fheithicil a thagann faoi raon feidhme Rialachán Uimh. 3821/85 agus í a thiomáint, nó an áit óna gcomhlíonann an tiománaí a dhualgais de ghnáth agus a bhfilleann sé uirthi ag deireadh na seirbhíse sin, le linn ghnáth-chomhlíonadh a dhualgas agus gan treoir shonrach óna fhostóir a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Aibreán 2010, *Smit Reizen*, C-124/09, EU:C:2010:238, míreanna 24 go 28 agus 31).

30 I bhfianaise an mhéid thuas, ní mór a mheas go gcomhfhreagraíonn an coincheap 'lárionad oibriúcháin an fhostóra' mar a shainmhínítear é, go bunúsach, don choincheap 'ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth', mar a leagtar amach in Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 561/2006.

31 Ar an gcaoi chéanna, maidir leis an gcoincheap 'obair eile' san fhoráil sin agus a shainmhínítear in Airteagal 4(e) den Rialachán sin mar 'gach gníomhaíocht seachas an tiomáint faoi mar atá sainmhínithe in Airteagal 3(a) de Threoir [2002/15], lena n-áirítear aon obair don fhostóir céanna nó d'fhostóir eile laistigh d'earnáil an iompair nó lasmuigh di', comhfhreagraíonn sé, go bunúsach, do 'gach am oibre eile' in Airteagal 15 de Rialachán Uimh. 3821/85.

32 Dá bhrí sin, i gcás ina nglacann tiománaí seilbh ar fheithicil a thagann faoi raon feidhme Rialachán Uimh. 561/2006 in áit 'ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth', ní féidir aon am a chaitheann sé ag tiomáint feithicil nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin chun dul chuig an ionad sin agus filleadh air, a aicmiú mar 'obair eile' de réir bhrí Airteagal 4(e) den Rialachán sin.

33 Dealraíonn sé, dá bhrí sin, go bhfuil Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 561/2006 beartaithe chun cás sonrach a rialú, d'eisiamh aon chás eile, eadhon an cás ina dtagann tiománaí i gceannas ar an bhfeithicil a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seachas a áit chónaithe nó ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth.

34 Tá léiriú den sórt sin comhsheasmhach leis na cuspóirí a shaothraítear leis an Rialachán sin, lena bhféachtar, *inter alia*, mar is léir ó Airteagal 1, arna léamh i gcomhar le haithris 17 de, le dálaí oibre na dtiománaithe lena mbaineann agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Agus na cuspóirí sin á gcur san áireamh, ní féidir an coincheap 'ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth', de réir bhrí Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 561/2006 a shainiú go heisiach de bhun na gcritéar feidhmiúil a bhaineann le heagraíocht inmheánach na cuideachta iompair, ach ní mór na critéir a bhaineann le duine an tiománaí lena mbaineann a chur san áireamh freisin (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Aibreán 2010, *Smit Reizen*, C-124/09, EU:C:2010:238, mír 24).

35 Mar sin féin, ní critéar leordhóthanach é suíomh den sórt sin a bheith níos fabhraí don tiománaí lena mbaineann, go háirithe mar gheall ar shuíomh geografach atá níos gaire dá áit chónaithe, chun é a aicmiú mar 'ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth'. Sa chás seo, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a fhíorú, agus na himthosca go léir a bhaineann le cás an tiománaí lena mbaineann san áireamh, gurb é an suíomh atá mar cúis leis na príomhimeachtaí go deimhin suíomh nithiúil an tiománaí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Aibreán 2010, *Smit Reizen*, C-124/09, EU:C:2010:238, mír 30).

36 Tá sé tábhachtach a chur leis, chun freagra a thabhairt ar amhras sonrach na cúirte a rinne an tarchur, gan dochar don chuspóir dálaí oibre na dtiománaithe lena mbaineann a fheabhsú, nach gceanglaítear le Rialachán Uimh. 561/2006 saoráidí sláintíochta, spásanna sóisialta nó láthair scíthe a bheith ann chun áit, amhail an áit atá i gceist sna príomhimeachtaí, a aicmiú mar 'ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth', de réir bhrí Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 561/2006.

37 I bhfianaise na gcúiseanna thuasluaite go léir, is é an freagra ar an gcéad cheist go dtí an tríú ceist ná nach mór Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 561/2006 a léiriú sa chaoi is go gciallaíonn an coincheap 'ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth', atá san fhoráil sin, áit ar nós iosta seachtrach d'fheithiclí, a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin, óna ndéanann an tiománaí lena mbaineann a sheirbhís ar bhonn rialta, agus go bhfilleann sé chuige ag deireadh na seirbhíse, i ngnáthfheidhmiú a dhualgas agus gan treoracha sonracha a chomhlíonadh. Ní dhéanann láithreacht saoráidí sláintíochta, spásanna sóisialta nó láthair scíthe san áit difear don toradh. Ina theannta sin, d'fhéadfaí gaireacht gheografach áit chónaithe an tiománaí a chur san áireamh, cé nach bhfuil sí inti féin cinntitheach.

An ceathrú ceist

38 I bhfianaise an fhreagra a tugadh ar an gcéad cheist agus ar an tríú ceist, ní gá an ceathrú ceist a fhreagairt.

Costais

39 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 9(3) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ciallaíonn an coincheap 'ionad oibríochtúil an fhostóra, áit a bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth', atá san fhoráil sin, áit ar nós iosta seachtrach d'fheithiclí, a thagann faoi raon

feidhme an Rialacháin sin, óna ndéanann an tiománaí lena mbaineann a sheirbhís ar bhonn rialta, agus go bhfilleann sé chuige ag deireadh na seirbhíse, i ngnáthfheidhmiú a dhualgas agus gan treoracha sonracha a chomhlíonadh. Ní dhéanann láithreacht saoráidí sláintíochta, spásanna sóisialta nó láthair scíthe san áit difear don toradh. Ina theannta sin, d'fhéadfaí gaireacht gheografach áit chónaithe an tiománaí a chur san áireamh, cé nach bhfuil sí inti féin cinntitheach.

[Sínithe]